
# Sábháilteacht Rothaíochta

## Leibhéal 2




Oifig na Gaeilge

An Garda Síochána

Líníocht deartha ag:
Ealaín CNC

# Sábháilteacht Rothaíochta

**Smaoinigh ar na pointí tábhachtacha seo agus tú ag dul amach ag rothaíocht:**

1. **Bíodh do choscáin ag obair**
2. **Bíodh do shoilse ag obair**
3. **Bíodh do chloigín ag obair**
4. **Bíodh do chlogad ort ceart**
5. **Bíodh veist shofheicthe ort**

**Gluais**

| | |
|---|---|
| Coscáin – *Brakes* | Clogad – *Helmet* |
| Soilse – *Lights* | Veist shofheicthe – *High-visibility vest* |
| Cloigín – *Bell* | Frithchaiteoirí - *Reflectors* |
| Troitheáin – *Pedals* | Boinn – *Tyres* |

# Bileog Gníomhaíochta 1

**Féach ar an bhfíseán agus freagair na ceisteanna thíos:**

1) Cén t-ainm atá ar an nGarda?

___

2) Ainmnigh trí rud maith a bhí déanta ag an bpáiste chun a bheith réidh chun dul amach ag rothaíocht go sábháilte?

___

___

___

3) Dúirt an Garda leis an bpáiste caoi a chur ar rud éigin. Céard é an rud sin?

___

___

4) Céard a bhí oiriúnach faoi éadaí an pháiste?

___

___

5) Cén rud tábhachtach nach raibh á chaitheamh ag an bpáiste?

___

___

6) An bhfuil do rothar féin sábháilte don bhóthar? Mura bhfuil, céard atá le déanamh agat chun cinntiú go bhfuil sé sábháilte?

___

___

___

___

___

___

# Bileog Gníomhaíochta 2

**Cuardach Focal**


| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| u | a | z | p | s | b | f | q | a | w | a | o | y | r | t |
| m | u | k | l | á | i | ó | n | c | o | a | y | a | o | r |
| w | z | c | q | b | x | j | t | v | f | n | l | x | t | o |
| s | e | p | b | h | d | o | l | h | f | a | u | t | h | i |
| e | x | m | e | á | a | o | a | p | a | a | q | y | a | t |
| m | h | q | o | i | i | y | b | t | d | r | u | j | í | h |
| z | l | c | e | l | n | e | o | o | m | d | r | t | o | e |
| d | a | p | n | t | s | m | t | k | i | t | r | n | c | á |
| f | r | a | z | e | é | j | c | m | a | n | h | a | h | i |
| a | x | s | b | a | a | k | e | y | o | s | n | l | t | n |
| u | t | a | i | c | r | r | u | d | e | i | a | u | a | n |
| o | r | g | d | h | a | w | w | l | x | e | e | a | d | u |
| m | d | t | d | t | c | w | k | i | l | i | t | t | q | s |
| x | f | t | d | v | h | r | t | d | e | v | t | e | h | n |
| h | n | z | e | s | r | h | p | m | p | p | x | c | n | a |

boinn  bóthar  dainséarach  rothaíocht

sábháilteacht  troitheáin

# Bileog Gníomhaíochta 3

**Crosfhocal (úsáid an ghluais chun cabhrú leat)**



## Síos

1. Caitheann tú é seo ar do cheann

2. Thit mé den _ _ _ _ _ _

3. Déanann sé seo torann

6. Cabhraíonn siad seo leat rudaí a fheiceáil go soiléir sa dorchadas

## Trasna


4. Lonraíonn siad seo sa dorchadas

5. Teastaíonn na rudaí seo chun an rothar a stopadh go sábháilte

7. Tá siad seo déanta as rubar agus buaileann siad an bóthar

# Bileog Gníomhaíochta 4

**An bhfeiceann tú 7 rud atá mícheart leis an bpictiúr thíos?**




Freagra


1. Bonn pollta 2. Níl aon chlogad air 3. Níl solas ar an rothar 4. Níl frithchaiteoirí ar an rothar


5. Tá an coscán tosaigh briste 6. Níl aon veist shofheicthe air


# Bileog Gníomhaíochta 5


**Dán**

Tá an lá ag dul chun síneadh

Agus tá mise ag smaoineamh,
Mo rothar a úsáid
chun turas a dhéanamh.


Sula mbuailfidh mé bóthar
Ag rothaíocht ar mo rothar,
Caithfidh mé bheith cinnte
An seiceáil seo a dhéanamh.


An solas chun cinn
Chomh geal leis an ngrian,
An solas ar chúl
Chomh dearg le srón.


Na frithchaiteoirí le feiceáil
An cloigín le cloisteáil,
Na coscáin agus boinn
A scrúdú go grinn.


Bíodh do chlogad go teann
Anuas ar do cheann,
Bí ag breathnú go grinn ar gach taobh
Tabhair comhartha in am ag úsáid do lámh.

**Sábháilteacht Rothaíochta**

**Script**

Garda : Dia dhaoibh, Is mise Garda Laura.

Méabh : Agus is mise Méabh.

Garda : Tá muid ag dul amach ag rothaíocht inniu, ach ar dtús caithfidh muid déanamh cinnte go bhfuil gach rud in ord agus in eagar. An bhfuil gach rud réidh, Méabh?

Méabh : Tá a Gharda, Laura. Tá mo choscáin agus mo chloigín ag obair agus tá mo chlogad orm.

Garda : Go maith! Feicim go bhfuil do chlogad beagán ró-mhór. Cuir caoi air le do thoil.

Méabh : Anois, tá sé sin níos fearr.

Garda : Go maith. Feicim go bhfuil do shoilse ag obair agus go bhfuil do fhrithchaiteoirí agat. Tá na héadaí atá ort an-oiriúnach freisin.

Méabh : Tá, tá siad geal ionas go bhfeicfidh rothaithe agus tiománaithe eile mé.

Garda : Sin go breá, ach tá rud amháin an-tábhachtach nach bhfuil agat, an bhfuil fhios agat céard é fhéin?

Méabh : Mo veist shofheicthe?

Garda : Go díreach! Do veist shofheicthe! Cé nach bhfuil sé dorcha fós, ba cheart duit do veist shofheicthe a chaitheamh nuair atá tú amuigh ag rothaíocht, is cuma cén t-am den lá atá ann. Iontach, tá muid réidh. Ar aghaidh linn!